Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

2012. S53AT

*Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2012*

# *Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad)*
## *Gnáthleibhéal*
## *Roinn A (40 Marc)*

***Dé Luain, 18 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2.00 - 4.00***

| Uimhir an Ionaid |
|---|
| |

***Treoracha***

***(a)*** *Freagair **sé cheist déag** ar bith.*

***(b)*** *Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*

***(c)*** *Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh.*

***(d)*** ***Ní mór** an leabhrán seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.*

***(e)*** *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá ann di agus ar gach bileog eile a úsáidtear.*

| Roinn A | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5(a) nó 5(b) | |
| **Móriomlán** | |

***Scrúduimhir:*** ______

# ROINN A - 40 MARC


**Freagair 16 cheist ar bith as an Roinn seo.**
**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** As an liosta a thugtar, roghnaigh an t-ainm ceart ar na tairní a thaispeántar.

**A**



**B**



**Sreangthairne cruinn**
**Stápla**
**Pionna painéil**
**Tairne rocach**
**Tacóid ghearrtha**


**TAIRNE A** [ ] **TAIRNE B** [ ]

**2.** Ainmnigh an uirlis lipéadaithe **A** agus mínigh cad chuige a n-úsáidfeá í.

**AINM** [ ]

**ÚSÁID** [ ]

**A**




**NÓ**

Ainmnigh an uirlis lipéadaithe **B** agus mínigh cad chuige a n-úsáidfeá í.

**AINM** [ ]


**ÚSÁID** [ ]




**B**

**3.** Sa léaráid taispeántar bloc atá le scáthú chun go bhféachfaidh sé mar phíosa adhmaid.

Tarraing patrún an tsnáithe ar gach ceann de na trí dhromchla.



**4.** Ainmnigh an feiste a thaispeántar agus mínigh cad chuige a n-úsáidfeá é.




**AINM**

**ÚSÁID**


**5.** Sna léaráidí **A** agus **B** taispeántar na síolta ó dhá chrann atá coitianta in Éirinn. Roghnaigh an t-ainm ceart ar an dá chrann as an liosta a thugtar.

**A**



**Péine**
**Dair**
**Seiceamar**
**Fuinseog**
**Cuileann**


**B**



**CRANN A**


**CRANN B**

**6.** Ainmnigh an uirlis chumhachta a thaispeántar sa léaráid.



**AINM**

**7.** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a leanúint nuair a bhíonn vearnais á cur ar bhall troscáin.




**1.**

**2.**

**8.** Sa léaráid taispeántar clár leathan a bhfuil ciumhaiseanna smiota air tar éis gur plánáladh an snáithe cinn.


Conas is féidir é seo a sheachaint?



**FREAGRA**

**9.** Sa léaráid de thrasghearradh de chrann taispeántar a chodanna difriúla, a choirt san áireamh.

Tabhair feidhm amháin atá ag coirt crainn.




**FEIDHM**

**10.** Taispeáin le tic (✓) cad a tharlóidh do na miotail seo a leanas má éiríonn siad fliuch.

| | Tiocfaidh meirg air | Ní thiocfaidh meirg air |
|---|---|---|
| **Iarann** | | |
| **Sinc** | | |
| **Airgead** | | |
| **Copar** | | |
| **Cruach Bhog** | | |


**11.** Ainmnigh an t-alt a thaispeántar sa léaráid.



**AINM**

**12.** Sa léaráid taispeántar adhmad atá á aerstálú.


Tabhair cúis amháin a bhfuil an t-adhmad ardaithe ar bhloic.



**FREAGRA**


**13.** Sna léaráidí **A** agus **B** taispeántar dhá rud a úsáidtear i ndeileadh adhmaid. Ón liosta a thugtar, ainmnigh na rudaí.

**B**



**Taca uirlise**
**Cailpéar**
**Cúlstoc**
**Lár Gabhlánach**
**Pláta Fásála**

**A**



**A**

**B**

**14.** Úsáidtear adhmad go coitianta le haghaidh urláir rince i gclubanna oíche agus in óstáin.

Luaigh airí tábhachtach **amháin** atá ag adhmad a dhéanann oiriúnach don úsáid seo é.



**AIRÍ**


**15.** Sa léaráid taispeántar **Dual** adhmaid.

Tabhair cúis amháin a bhfuil eitrí feadh fhad an duail.



**CÚIS**


**16.** Ainmnigh an mhúnláil a thaispeántar ag **A** sa léaráid.





**AINM**

**17.** Sa léaráid taispeántar **Déadalt** neamhchríochnaithe.

Críochnaigh an léaráid agus an mharcáil amach ar chuid **A** á tarraingt agat.





**18.** Cad chuige a n-úsáidtear saischrampa de ghnáth?



**ÚSÁID**

**19.** Sa léaráid taispeántar stialltéitheoir.


Cad chuige a n-úsáidtear stialltéitheoirí de ghnáth?



**ÚSÁID**

**20.** Úsáidtear ríomhchláir go coitianta chun rudaí adhmaid a shamhaltú sula ndéantar iad.

Tabhair cúis **amháin** leis seo.



**CÚIS**

| |
|---|
| |

**Ní mór an leabhrán seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.**

Leathanach Bán